


Ar Thóir an Óir



Séideán Sí



Siobhán Ní Dhúill
Maria Murray a mhaisigh

An chéad eagrán 2007
© An Roinn Oideachais agus Scileanna / Foras na Gaeilge, 2007
Athchló 2020

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Maria Murray a mhaisigh

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí
An Siopa Leabhar (01) 478 3814
An Siopa Gaeilge (074) 973 0500
An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie
www.siopaleabhar.com
www.siopa.ie
www.cic.ie
www.iesltd.ie

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

Ar Thóir an Óir



Siobhán Ní Dhúill
Maria Murray a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath



Bhí Réalt na Mara ag déanamh ar Oileán na Rón. Ar thóir an óir a bhí criú an bháid, ór a bhí i bhfolach ar an oileán, má b'fhíor do na scéalta.




‘Níl puth gaoithe ann,’ arsa
Leathchois leis an gCaptaen tar éis
tamail. ‘Tá súil agam go n-éireoidh
linn dul i dtír ar an oileán.’

Nuair a chuala an Captaen
Ó Súilleabháin é sin léim sé ina
sheasamh.

‘Tá súil agat!’ ar seisean de bhéic.

‘Nach tú an t-amadán! Nár éist tú
leis an réamhaisnéis ar maidin?’





‘Bhí mé ag éisteacht leis,’ arsa
Leathchois, ‘nuair a tháinig tusa
isteach agus d’iarr tú orm ...’

‘Leithscéalta! Leithscéalta!’ arsa an
Captaen go feargach agus amach
as an gcábán leis.

Bhí Leathchois bocht trína chéile.
Bhí fearg ar an gCaptaen leis arís.
Agus mar bharr ar an donas bhí
tinneas farraige ag teacht anois air.




‘Tá tinneas farraige ag teacht orm,’
arsa Leathchois agus an-trua aige
dó féin. ‘Ní maith liom a bheith ar
an bhfarraige. Ná ní maith liom an
Captaen Ó Súilleabháin.’



‘Ach, mar sin féin, más fíor na scéalta,’ arsa Leathchois, ‘tá ór Spáinneach i bhfolach ar Oileán na Rón. Sula n-éireoidh an ghrian ar maidin beidh mise i m’fhear saibhir. Ansin fágfaidh mé slán go deo ag an gCaptaen agus ag an bhfarraige.’

Níorbh fhada go bhfaca Leathchois
Oileán na Rón faoi sholas na gealaí.



‘A Chaptaein!’ ar seisean de bhéic.
‘Tá an t-oileán le feiceáil anois. Ach
níl a fhios agam cá bhfuil an ché.’



Amach leis an gCaptaen.

‘Dúirt mé leat cheana féin gur
ar an taobh ó dheas atá an ché.

Nach tú an t-amadán!’ ar seisean
go mífhoighneach.

Nuair a tháinig siad chomh fada leis an gcé bheag cheangail siad suas an bád. Bhí bád eile ann rompu.

‘Níl duine ná deoraí anseo,’ arsa Leathchois. ‘Ní bheidh aon deacracht againn teacht ar an ór.’






‘Fuist!’ arsa an Captaen Ó
Súilleabháin. ‘D’fhéadfadh daoine a
bheith istigh sa bhád sin.’



‘Anois,’ arsa an Captaen Ó Súilleabháin le Leathchois agus iad ag siúl leo, ‘tabhair dom an mapa sin.’
‘An ... an ... mapa?’ arsa Leathchois.
‘Cheap mé go raibh sé agatsa.’
Lig an Captaen Ó Súilleabháin béic as.
‘Cheap tú! Cheap tú! Nach tú an t-amadán!’



Bhí Leathchois bocht trína chéile.
Bhí fearg ar an gCaptaen leis arís.
Bhí agus an-fhearg.
‘Rachaidh mé ar ais chun an mapa
a fháil,’ ar seisean. ‘Ní bheidh mé
i bhfad.’



Bhí an Captaen Ó Súilleabháin
ag fanacht go mífhoighneach le
Leathchois. Tar éis tamaill bhuail
imní é.

‘Cá bhfuil Leathchois?’ ar seisean.
‘An bhfuil sé tite i bhfarraige?
B’fhearr dom dul ar ais chuig an
mbád.’



Isteach sa bhád leis an gCaptaen
Ó Súilleabháin.

‘A Leathchois! A Leathchois!
Cá bhfuil tú?’ ar seisean.

Nuair a chonaic an Captaen Leathchois bocht sínte ar an urlár gan aithne gan urlabhra ba bheag nár thit an t-anam as! D’oscail Leathchois a shúile.

‘A Leathchois! A Leathchois! An bhfuil tú ceart go leor?’ arsa an Captaen.

‘D’éirigh liom an ceann is fearr a fháil air,’ arsa Leathchois.

‘Cé air?’ arsa an Captaen. ‘Níl duine ná deoraí anseo.’








‘Bhí an mapa i mo lámh agam
nuair a chuala mé duine éigin taobh
thiar díom. Nuair a d’iompaigh mé
timpeall rug sé ar an mapa agus ...’



‘Tá sé imithe, mar sin!’ arsa an
Captaen. ‘Imithe leis an mapa.’
‘Níl, muise,’ arsa Leathchois.
‘Tá sé istigh sa chábán.’

Istigh sa chábán chonaic an
Captaen fear a raibh a lámha
agus a chosa ceangailte.






‘Ná maraigh mé! Ná maraigh mé!’
arsa an fear. ‘Ní raibh uaim ach
an mapa.’

‘Ach cheap mé gur éalaigh sé leis an mapa,’ arsa an Captaen Ó Súilleabháin le Leathchois.



‘Chuir mé cor coise ann,’ arsa Leathchois. ‘Ansin cheangail mé é leis na rópaí agus chuir mé isteach sa chábán é. Ach nuair a bhí mé ag teacht amach sciarr mé. Ní cuimhin liom aon rud ina dhiaidh sin go dtí gur tháinig tusa isteach. Caithfidh go raibh mé tamall gan aithne gan urlabhra.’







‘Agus an mapa? Cá bhfuil an mapa?’ arsa an Captaen.

‘Anseo,’ arsa Leathchois agus shín sé an mapa chuig an gCaptaen.

‘Maith an fear,’ arsa an Captaen Ó Súilleabháin le Leathchois.

Bhí Leathchois breá sásta leis féin.

Ansin labhair an Captaen leis an bhfear eile.

‘An bhfuil aon duine in éineacht leat?’ a d’fhiafraigh sé de.

‘Tá,’ arsa an fear. ‘Mo dheartháir. Ach tá sé imithe i dtír.’

‘Ar tháinig sibh ar thóir an óir?’ arsa an Captaen.

‘Thángamar,’ arsa an fear. ‘Ach ní raibh aon mhapa againn.’

‘Caithfidh tú teacht in éineacht linne, mar sin,’ arsa an Captaen Ó Súilleabháin.







Nuair a shroich siad barr na cé scrúdaigh an Captaen an mapa. Ansin thug siad aghaidh ar an áit ina raibh an t-ór Spáinneach i bhfolach.



Agus arbh fhíor do na scéalta
a dúirt go raibh ór Spáinneach
i bhfolach ar Oileán na Rón?



B'fhíor, dar ndóigh. Níor thóg sé
i bhfad ar an gCaptaen agus ar
Leathchois an t-ór Spáinneach
a fháil agus a roinnt eatarthu.
'Tá mé i m'fhear saibhir anois!'
arsa Leathchois.

Nuair a tháinig siad ar ais go dtí an ché d'ordaigh an Captaen don fhear dul isteach ina bhád féin agus bailiú leis.

‘Bailigh leat as an áit seo,’ arsa an Captaen Ó Súilleabháin, ‘nó is duitse is measa!’





D'fhan an Captaen agus Leathchois
ar an gcé ag faire nó go raibh
An Corcán Óir imithe as radharc.



Agus is féidir linn a bheith cinnte
gur mhair Leathchois agus an
Captaen Ó Súilleabháin go sona
sásta as sin amach!

Bhí Réalt na Mara ag déanamh ar Oileán na Rón. Ar thóir an óir a bhí criú an bháid, ór a bhí i bhfolach ar an oileán, má b'fhíor do na scéalta.